

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 31

Iompar

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar dheontais áirithe a íoc agus ar sheirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe, 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2023 as leithreasaí neamhchaite 2022 faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear farasbarr €27.507 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta, chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gclárán 22 de 2023, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Measadh saolré úsáideach agus rátaí amúchta gaolmhara sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta amúchta</i>
Ceadúnais bogearraí	Téarma ceadúnais 2-10 mbliana	50%-10%
Bogearraí a forbraíodh agus a fuarthas	10 mbliana	10%

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil domsa agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc, nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh. Leanaim d'athbhreithniú ar chórais agus ar struchtúr go réamhghníomhach chun tacú le dea-rialachas chomh maith le hiompraíochtaí cuí a threisiú agus choimisiúnaigh mé athbhreithniú ar chreat rialaithe airgeadais na Roinne freisin. Ceapadh athbhreithneoir seachtrach neamhspleách agus cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích faoi ráithe 3 2024.

Athruithe ar an Eagraíocht

I measc na n-athruithe suntasacha eagraíochtúla le linn 2023 bhí

- Ceapadh Rúnaí Cúnta do Gharda Cósta na hÉireann le bheith freagrach as clár claochlaithe a bhrú chun cinn agus a chur i bhfeidhm sa Gharda Cósta lena chinntiú go mbeidh sé san áit is fearr le go n-éireoidh leis sa 21ú haois. Ceapadh Stiúrthóir nua do Gharda Cósta na hÉireann freisin.
- Ceapadh Rúnaí Cúnta atá freagrach as beartas muirí, chun beartas rialtais a bhrú chun cinn agus a chur i bhfeidhm san earnáil muirí agus chun a chinntiú go gcomhlíonann sí oibleagáidí idirnáisiúnta agus riachtanais intíre, lena n-áirítear nascacht, sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus spriocanna aeráide. Tosaíocht atá ag teacht chun cinn don Roinn is ea fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Chuige sin, chuir an Roinn foireann nua le chéile chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas calafoirt fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.
- Rinneadh obair shuntasach in 2023 maidir le sonraí agus anailísíocht agus le 'Mol Digiteach' nua a fhorbairt a thabharfaidh ár bhfeidhmeanna TFC agus digiteacha le chéile in aon áit amháin le fócas ar shaoránaigh. Tá daoine le saineolas ar iasacht ag an Roinn ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun ár bhfeidhm sonraí agus anailísíochta a thógáil agus chun obair go dlúth le Rannóg Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí na Roinne agus lenár ngníomhaireachtaí.

Seirbhísí comhroinnte

Is gné thábhachtach dár gcreat seachadta iad na socrúithe seirbhísí comhroinnte a chinntíonn comhsheasmhacht cur chuige agus a ligeann dúinn ár bhfeidhmeanna corparáideacha a dhíriú ar a gclár oibre straitéiseach.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte litir dom ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas um dhearbhuí iniúchóireachta a fhorbairt. Sa litir sin, pléitear leis an gcreat rialachais agus na rialuithe atá i bhfeidhm agus cuimsítear tuarascálacha na n-iniúchtaí a rinneadh ar oibriú na rialuithe laistigh den timpeallacht seirbhísí comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí d'fhostaithe idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá creat bainistíochta airgeadais aibí i bhfeidhm ag an Roinn, rud a feabhsaíodh go luath in 2021 le huasghrádú ar an gcóras bainistíochta airgeadais agus in 2021 agus in 2022 le cur i bhfeidhm agus síneadh ar chumas uathobrithe róbaithigh próisis (URP) sa réimse próiseála cuntas. Leanadh de chóras oibríochtaí íocaíochtaí na Rannóige Airgeadais a bheith deimhnithe ag ISO.

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil.

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i gcomhair teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go ndéantar beart iomchuí ceartaithe ina leithéid de chásanna.
- Tá Coiste Iníúcháireachta gníomhach ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó.
- Cuirtear oiliúint ábhartha ar fáil de réir mar is gá.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmilgín agus cuntasachta, agus lena gcinntítear go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta.
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ar bun laistigh den Roinn.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú, agus
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Maidir lena nósanna imeachta bainistíochta, deimhníodh go gcomhlíonann an Rannóg Airgeadais caighdeán ISO 9001:2015. Is caighdeán idirnáisiúnta é, arna fhoilsiú ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeán (ISO), a shonraíonn na ceanglais maidir le Córas Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Is córas foirmiúil é QMS lena ndoiciméadaítear próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí le haghaidh beartais cháilíochta agus cuspóirí cáilíochta a bhaint amach.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh gach conartha agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha go léir a chinntiú. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €3,499.4 milliún san iomlán in 2023.

Tá sonraí maidir le cúig chonradh neamhiomaíocha ar fiú breis is €25,000 iad curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta. B'fhiú €1,767,564 san iomlán na conarthaí sin.

Neamh-chomhlíonadh na rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de cheithre chonradh arbh fhiú breis is €25,000 iad (gan CBL san áireamh) a tugadh amach gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €320,725 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin, dar luach €52,743, a bhain leis na seirbhísí glantacháin in oifig na Roinne i mBaile na Sionainne. Leanfar leis an gconradh sin go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le hathlonnú na Rannóige.
- Conradh amháin, dar luach €27,200, a bhain le hathsholáthar glaoirí a bhí ag teastáil go práinneach agus ar ghá go mbeidís comhoiriúnach leis an gcóras glaoirí a bhí ann cheana féin. Cé gur reáchtáladh próiseas iomaíoch (iarratas ar luachana), bhí an luachan gan CBL os cionn €25,000.
- Conradh amháin, dar luach €212,974, a bhain le seirbhísí/deisiú bád. Seoladh iarratas ar thairiscintí le foilsiú i ráithe 4 2023 agus tá sé ag an gcéim mheasúnaithe faoi láthair agus táthar ag súil le conradh a bhronnadh le linn 2024.
- Bronnadh conradh amháin, dar luach €27,808, a bhain le soláthar seirbhísí clódóireachta trí iarratas ar luachana seachas trí próiseas tairisceana oscailte.

Le linn 2023, mhéadaigh an Roinn acmhainní na Foirne Soláthair chun tacú leis an gcleachtas soláthair agus lena neartú. Cuireann an Fhoireann Soláthair comhairle agus treoir ar fáil maidir le soláthar comhlíontach a dhéanamh agus tá teagmháil déanta aici leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun próiseas iomaíoch a reáchtáil maidir le cúrsa oiliúna saincheaptha a sholáthar in 2024.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu, agus a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne atá mar bhonn eolais dá chuid oibre agus bunaítear a chuid pleananna bliantúla maidir le hiniúcháireacht inmheánach, atá faofa agamsa, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí.

I mí Lúnasa 2023, chuaigh Ceann na hIníúchóireachta Inmheánaí ar scor agus chuir Rannán Rialachais na Roinne tacaíocht bhreise ar fáil don fhoireann reatha. Ag an am sin, choimisiúnaigh mé athbhreithniú neamhspleách seachtrach ar dhearbhu cáilíochta ar fheidhm na hIníúchóireachta Inmheánaí freisin. Fuair mé an tuarascáil ón saineolaí neamhspleách i mí Feabhra 2024 agus táim tiomanta do chur i bhfeidhm na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú. Faoi threoir mholtaí na tuarascála, uasghrádaíodh post Cheann na hIníúchóireachta Inmheánaí go leibhéal an Phríomhoifigigh agus cuirfear le hacmhainn an Aonaid Iníúchóireachta Inmheánaí. Tá próiseas earcaíochta ar bun ag an Roinn faoi láthair do ról Cheann na hIníúchóireachta Inmheánaí agus do na n-acmhainní breise.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a leanúint ar bhonn tráthúil agus go bhfaigheann an fheidhm iniúchóireachta agus an Coiste an tacaíocht go léir a theastaíonn uathu ó gach cearn den Roinn.

Le linn 2021, cuireadh iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm chun bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chibearshlándaíl sa Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí (DVCS) i gcrích. Tugadh faoi na moltaí sin agus, mar thoradh ar bhunú an Mhoil Dhigitigh nua a chuimsíonn an Rannán DVCS, rinneadh an fheidhm um chibearshlándaíl a lárú in aonad nua a bunaíodh laistigh den Mhol Digiteach, atá anois ag cur i gcrích cur chuige roinne/fiontair ar fud chórais uile na Roinne.

Le linn 2022, rinne an tAonad Iníúchóireachta Inmheánaí roinnt príomh-mholtaí tar éis na n-iniúchtaí atá liostaithe thíos.

Iniúchadh ar shocruithe TF san Aonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid (RAIU).

Tá dhá ardchinneadh sa tuarascáil. Baineann an chéad cheann díobh leis an gcomhaontú seirbhíse idir an Roinn agus a soláthraí seirbhíse TF bainistithe. Mhol an tAonad Iníúchóireachta Inmheánaí go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an gcomhaontú seirbhíse agus go leasófaí é chun a chinntiú go bhfuil sé cuimsitheach, reatha, agus ábhartha. Is é spriocdháta críochnaithe an chomhaontaithe seirbhíse an 31 Iúil 2024.

Baineann an cinneadh agus an moladh eile leis an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumraíochtaí slándála TFC agus aon choigeartuithe riachtanacha a dhéanamh. Rinneadh gach beart is gá agus tá an moladh seo dúnta.

Iniúchadh ar shocruithe TF san Aonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid (AAIU)

Cuimsítear trí ardchinneadh sa tuarascáil. Mhol an tAonad Iníúchóireachta Inmheánaí go dtabharfadh an AAIU faoi athbhreithniú ar phróisis chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige a glacadh maidir le sonraí a chuireann Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) ar fáil.

Tá roinnt moltaí déanta ag an Aonad Iníúchóireachta Inmheánaí chun feabhas a chur ar shlándáil an Ionaid Comhordaithe Eorpaigh AAIU um Chórais Tuairiscithe ar Thionóiscí agus Theagmhais ar féidir le haon údarás eitlíochta san Eoraip iad a úsáid chun sonraí a bhaineann le tionóiscí agus teagmhais a thaifeadh.

Mhol an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí feabhsuithe freisin maidir le slándáil an tiomántáin chomhroinnte AAIU a óstáladh ar fhreastalaithe na Roinne.

Tá gach moladh san iniúchadh seo dúnta.

Iniúchadh ar na socruithe atá i bhfeidhm sa Roinn Iompair chun tacú le soláthar éifeachtach agus comhlíontach.

Tá dhá ardchinneadh sa tuarascáil sin. Pléann an chéad cheann díobh le roinnt cásanna ina ndearnadh mainneachtain cloí leis na ceanglais soláthair go léir agus le bearnaí i gcoimeád taifead. Is é an moladh a bhaineann leis ná gur cheart go mbeadh comhlíonadh iomlán mar ghnáthchleachtas.

Baineann an dara ardchinneadh agus an moladh gaolmhar leis an ngá atá le beartais agus lámhleabhair chuimsitheacha a bheith i bhfeidhm maidir le soláthar, agus leis an ngá atá le tacú le haonaid ghnó trí oiliúint agus comhairle chuí.

Cuireadh obair i gcrích ar roinnt de na fo-mholtaí laistigh de gach ceann de na ardchinní agus tá an chéad ardchinneadh dúnta anois. Maidir leis an dara ardchinneadh, aithníodh comhpháirtí oiliúna soláthair trí chreat OGP agus tá an Roinn réidh le conradh a shíniú. Táthar ag súil go mbeidh an Plean Corparáideach Soláthair curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2024.

Le linn 2023, rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí roinnt príomh-mholtaí tar éis na n-iniúchtaí atá liostaithe thíos.

Athbhreithniú ar na socruithe chun údaruithe eitle a dheonú agus díolúintí a dheonú chun muinisin chogaidh a iompar.

Tá ardchinneadh amháin sa tuarascáil. Baineann an cinneadh leis na próisis iarratais ar údaruithe eitle (sceidealaithe agus neamhsceidealaithe) agus díolúintí maidir le muinisin chogaidh. Mhol an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí go mbeidh gach ceadú riachtanach i bhfeidhm do gach iarratas roimh chead a eisiúint, go ndéanfar nuashonrú ar nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin agus próiseas a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul in éag deimhnithe árachais. Cuireadh an moladh sin i bhfeidhm.

Baineann na cinntí agus na moltaí eile le hiarratais a bhainistiú, beartais agus nósanna imeachta a nuashonrú, feasacht a ardú i dtaobh an phróisis iarratais, bheartais an aicmithe forbartha sonraí agus aicmiú slándála.

Iniúchadh ar Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEV)

Tá ardchinneadh amháin sa tuarascáil. Mhol an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí go gcuirfear comhaontuithe i bhfeidhm leis na comhlachtaí Stáit atá i gceannas ar bhainistiú na scéimeanna atá maoinithe ag ZEV agus tá an Roinn ag plé go gníomhach leis na gníomhaireachtaí cuí.

Molann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí freisin comhlíonadh nósanna imeachta airgeadais a fheabhsú tuilleadh, moladh atá i bhfeidhm ag an Rannán anois.

Imscrúdú fóiréinseach

Rinneadh tagairt sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach i gcuntas leithreasa 2021 don tuarascáil a d'fhoilsigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí Dheireadh Fómhair 2021 maidir le soláthar feithiclí ag Garda Cóstá na hÉireann. Bhí roinnt moltaí sa tuarascáil, ar ghlac an Roinn leo ar fad agus a cuireadh i ngníomh. D'éirigh leis an Roinn seirbhísí saineolaí neamhspleách tríú páirtí a fháil freisin chun scrúdú fóiréinseach breise a dhéanamh ar phróisis soláthair i nGarda Cóstá na hÉireann agus ar thaifid ábhartha eile thar thréimhse fhada. Tá an t-imscrúdú fóiréinseach tugtha chun críche. Tá na chéad chéimeanna eile aitheanta ag an Roinn agus tá siad sin á gcur chun cinn go gníomhach. Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar bheartais ábhartha uile na Roinne taobh leis an bpróiseas seo.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn ina ndéantar príomhrioscaí a shonrú agus a thuairisciú agus ina dtugtar na bearta atá á nglacadh ag an lucht bainistíochta chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú. Cuimsíonn Creat Bainistíochta Riosca na Roinne an beartas bainistíochta riosca, clár riosca ina dtaifeadtar rioscaí oibríochtúla agus straitéiseacha, oifigeach riosca agus coiste bainistíochta riosca, agus ailníú riosca le pleanáil ghnó bhliantúil.

Tá clár riosca i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas, agus a ghrádú de réir na tábhachta atá leo. Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú ráithiúil ar an gclár riosca ar bhonn áitiúil, agus ag an gcoiste bainistíochta riosca. Roinntear nuashonrú ráithiúil ar ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca agus ar an gclár riosca le Coiste Iniúcháireachta na Roinne, agus bhuail Cathaoirleach an Choiste Bainistíochta Riosca leis an gCoiste Iniúcháireachta in 2023. Cuirtear an Clár Riosca faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta dhá uair sa bhliain agus cuirtear an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas faoi gach riosca nuair a shroicheann an rátáil leibhéal áirithe.

I measc na bhforbairtí suntasacha i mbainistíocht riosca le linn 2023 bhí

- feabhas a chur ar thuairisciú riosca do rannáin aonair agus don Roinn ina hiomláine
- tuilleadh forbartha agus feabhsaithe ar an gcomhtháthú idir ráiteas straitéise/pleanála gnó agus bainistíocht riosca na Roinne
- rioscaí a chomhthiomsú agus a thuairisciú go ráithiúil.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha, agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil ar bhonn leanúnach. Tá freagracht ar gach ball foirne a chinntiú go gcloítear leis na dea-chleachtais i maoirseacht airgid phoiblí.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha

Níor sainaitníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2023 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt. Is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcur chuige i gcónaí chun a chinntiú go bhfuil gach líne dearbhaithe ag obair go héifeachtach chun tacú leis an timpeallacht rialaithe airgeadais fhoriomlán. I gcomhar leis an díriú feabhsaithe le linn 2023, tá clár oibre sainaitheanta do 2024 chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir, na córais, na rialuithe airgeadais agus na hiompraíochtaí treoracha ailínithe chun tacú leis an tosaíocht atá agam, eadhon dea-rialachas mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Ken Spratt

An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

10 Meán Fómhair 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 31 Iompar

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 31 – Iompar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 31 – Iompar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Forensic investigation

The statement on internal financial control refers to a forensic investigation of certain procurements. The investigation was commissioned by the Department of Transport following an examination by my Office of the procurement of vehicles for the Irish Coast Guard, which I reported upon in October 2021.

Appraisal of rail project investments

Chapter 9 of my report on the accounts of the public services for 2023 examines the application of the capital project appraisal procedures in respect of the MetroLink and Limerick to Foynes rail line projects.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

18 Mean Fomhair 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainníonn agus measúnaím rioscaí an mhírítis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dheardh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainníonn le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhír sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainníonn aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidil ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 31 Iompar

Cuntas Leithreasa 2023

		2023		2022
		Suim soláthraithe sa mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
				Toradh
				€000
Caiteachas Cláir				
A	Soghluaisteacht inbhuanaithe – taisteal gníomhach agus glasbhealaí			
	<i>Bunadh</i>	358,665		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	19,000		
	<i>Forlíontach</i>	50,000		
			427,665	400,888
				352,897
B	Soghluaisteacht inbhuanaithe – laghdú carbóin agus iompar poiblí			
	<i>Bunadh</i>	1,607,283		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	96,966		
	<i>Forlíontach</i>	(7,700)		
			1,696,549	1,602,129
				1,579,777
C	Líonraí bóithre agus sábháilteacht ar bhóithre			
	<i>Bunadh</i>	1,387,053		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	11,340		
	<i>Forlíontach</i>	34,235		
			1,432,628	1,402,707
				1,432,141
D	Eitlíocht shibhialta			
	<i>Bunadh</i>	53,443		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	4,900		
			58,343	43,990
				59,522
E	Iompar Muirí agus Sábháilteacht Mhuirí			
	<i>Bunadh</i>	109,825		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	5,750		
	<i>Forlíontach</i>	4,933		
			120,508	114,898
				106,752

		2023		2022
		Suim soláthraithe sa mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
Oilchaiteachas				
	<i>Bunadh</i>	3,516,269		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	137,956		
	<i>Forlíontach</i>	81,468		
			3,735,693	3,564,612
	<i>Bain</i>			3,531,089
F	Leithreasaí i gcabhair		25,455	22,801
Glanchaiteachas				
	<i>Bunadh</i>	3,490,814		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	137,956		
	<i>Forlíontach</i>	81,468		
			3,710,238	3,541,811
				3,510,243

Barrachas

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil go léir, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena chaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €140.920 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil na bhfo-mhírcheann uile ar aghaidh go 2024.

	2023	2022
	€	€
Barrachas	168,426,821	174,750,674
Géilleadh iarchurtha	(140,920,000)	(137,956,000)
Barrachas le géilleadh	27,506,821	36,794,674

Ken Spratt

An tOifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Iompair

10 Meán Fómhair 2024

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin, 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	3,510,235	3,484,103
Pá	42,387	38,071
Neamhphá	11,990	8,915
Ollchaiteachas	3,564,612	3,531,089
<i>Bain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	22,801	20,846
Glanchaiteachas	3,541,811	3,510,243
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
<i>Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(4,860)	
Diúscairtí - airgead tirim	50	
Brabús ar dhiúscairtí	(50)	
Dímheas	1,740	
<i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(866)	
Amúchadh	588	
	(3,398)	(1,235)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Laghdú i bhfardail	352	
Laghdú i réamhíocaíochtaí	492	
Méadú i speansais fhabhráithe	1,148	
	1,992	(1,708)
Caiteachas díreach	3,540,405	3,507,300
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	20,235	19,093
Measchíosanna	3,721	3,721
Costas glan clár	3,564,361	3,530,114

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 31 a iompraíodh in áit eile.

	2023	2022
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	40	41
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	17,625	16,997
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	1,124	803
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	64	60
Vóta 20 Garda Sióchána	135	2
Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	805	748
An Príomh-Chiste – pinsin aireachta	442	442
	20,235	19,093

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Maoin, gléasra agus trealamh	2.1	11,330	8,210
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	1,659	1,381
Iomlán na sócmhainní seasta		12,989	9,591
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	158,934	145,284
Fardail	2.4	2,309	2,661
Réamhíocaíochtaí	2.5	3,817	4,309
Iarmhéideanna eile dochair	2.6	1,677	5,030
Iomlán na sócmhainní reatha		166,737	157,284
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe	2.7	5,315	4,167
Iarmhéideanna eile sochair	2.8	22,137	1,785
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	138,474	148,529
Iomlán na ndlíteanas reatha		165,926	154,481
Glansócmhainní reatha		811	2,803
Glansócmhainní		13,800	12,394
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.10	13,800	12,394

2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

	Foirgnimh	Trealamh oifige agus mótarfheithi clí	Trealamh speisialtóra	Troscán agus feistis	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil						
Amhail an 1 Eanáir 2023 ^a	2,014	22,945	24,132	1,046	1,870	52,007
Breiseanna	—	383	62	—	4,415	4,860
Diúscairtí	—	(93)	—	—	—	(93)
Aistrithe	5,436	—	30	—	(5,466)	—
Amhail an 31 Nollaig 2023	7,450	23,235	24,224	1,046	819	56,774
Dímheas carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2023 ^a	—	19,734	23,059	1,004	—	43,797
Dímheas don bhliain	—	1,200	534	6	—	1,740
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(93)	—	—	—	(93)
Amhail an 31 Nollaig 2023	—	20,841	23,593	1,010	—	45,444
Glansócmhainní						
Amhail an 31 Nollaig 2023	7,450	2,394	631	36	819	11,330
Amhail an 31 Nollaig 2022	2,014	2,407	1,877	42	1,870	8,210

Nóta ^a Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2).

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh	Sócmhainní atá á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Amhail an 1 Eanáir 2023 ^a	4,586	444	5,030
Breiseanna	475	391	866
Aistrithe	444	(444)	—
Amhail an 31 Nollaig 2023	5,505	391	5,896
Amúchadh carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2023 ^a	3,649	—	3,649
Amúchadh don bhliain	588	—	588
Amhail an 31 Nollaig 2023	4,237	—	4,237
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,268	391	1,659
Amhail an 31 Nollaig 2022	937	444	1,381

Nóta ^a Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh a athaicmiú ó mhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1).

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta	158,868	144,978
Iarmhéideanna chuntais bhainc thráchtála	66	306
	158,934	145,284

Cuntais bhainc thráchtála

Chomh maith leis an gcuntas bainc thráchtála dá dtagraítear thuas, tá cuntas bainc ag an Roinn chun bailiú agus leithdháileadh mótarchánach a éascú agus chun na fáltais a aistriú chuig an Státchiste. Tugtar cuntas air seo ar leithligh sa Chuntas Mótarchánach.

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Sainábhair inchaite (Garda Cóstá na hÉireann)		
	2,309	2,661

2.5 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Ceadúnais bogearraí agus cothabháil	3,578	3,376
Cíosanna	143	130
Eile	96	803
	3,817	4,309

2.6 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Seirbhísí gníomhaireachta Oifig na nOibreacha Poiblí	701	4,990
Párolla ar fionraí	930	—
Eile	46	40
	1,677	5,030

2.7 Speansais fhabhráithe

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
An Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Tiománaithe agus Feithiclí: costais oibriúcháin	1,275	1,011
Seirbhísí héileacaptair cuardaigh agus tarrthála	848	907
Aerfoirt réigiúnacha: rothlaithe	443	573
Táillí comhairleoireachta gairmiúla	482	286
Oifig na nOibreacha Poiblí	68	80
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	1,362	417
Eile	837	893
	5,315	4,167

2.8 Iarmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Suim atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	127	92
Cáin bhreisluacha	424	373
Cáin conarthaí iomchuí	6	6
Muirir phinsin	76	29
Fáltais bhreise ón Státchiste	19,487	—
	<u>20,120</u>	<u>500</u>
Dlite do ghníomhaireachtaí	2,006	1,229
Míreanna sochair eile ar fionraí	11	56
	<u>22,137</u>	<u>1,785</u>

2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

ag an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	27,507	36,795
Géilleadh iarchurtha	140,920	137,956
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(29,953)	(26,222)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	<u>138,474</u>	<u>148,529</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	158,934	145,284
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,677	5,030
	<u>160,611</u>	<u>150,314</u>
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(20,120)	(500)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(2,017)	(1,285)
